

Eleathanach314


Dé Luain 25 Feabhra 2019

Faisean

Bhí 'Seachtain Fhaisin' ar siúl i Londain an tseachtain seo caite. Is dearthóir faisin í Victoria Beckham. Thosaigh sí ag obair mar dhearthóir faisin 10 mbliana ó shin.

Bhí seó faisin aici an tseachtain seo caite. Chuaigh sí chuig an seó in éineacht lena teaghlach. Bhí Brooklyn Beckham ann lena chailín cara Hana Cross. Chaith Victoria bríste agus geansaí donn. Bhí Harper Beckham an-sásta leis an seó faisin!

Bhí seó faisin ag Simone Rocha freisin. Bhí daoine cáiliúla ag obair le Simone Rocha, mar shampla, Chloe Sevigny agus Lily Cole. Bhí an seó seo ar siúl ar an 16 Feabhra 2019. Faigheann Simone inspioráid ón ealaíontóir Louise Bourgeois. Bhí an seó thar cionn! Comhghairdeas le Simone Rocha!



Athrú Aeráide: Páistí ag dul ar stailc

Beidh páistí ar fud na hEorpa ag dul ar stailc ar an 15 Márta 2019. Beidh 60 scoil in Éirinn ag dul ar stailc. Tá na páistí ag iarraidh béim a chur ar athrú aeráide.

Chuaigh 400 páiste chuig an Dáil an Chéadaoin seo caite. Bhí póstaer acu agus theastaigh uathu a rá go bhfuil an timpeallacht tábhachtach.

Thosaigh Greta Thunberg stailc aonair sa tSualainn Mí Lúnasa seo caite. Tá sí an-bhuartha faoi athrú aeráide. Spreag sí páistí eile ar fud na hEorpa.

Chuaigh 380 páiste ó Scoil Lorcáin amach go Baile na Manach agus thaispeáin siad na póstaer a bhí acu do na comaitéirí. D'fhan 120 páiste ó ranganna na naíonán sa chlós scoile. Bhí máirseáil timpeallachta acu. Dúirt an Príomhoide, Colmán Ó Drisceoil, go bhfuil inspioráid faighte aige ó na páistí seo.



Seo í Greta!

"Stailc scoile i gcomhair na haeráide" atá scríofa ar a póstaer.

Buama ón dara cogadh domhanda i bPáras

Tháinig na Francaigh ar an mbuama in aice leis an stáisiún traenach 'Gare du Nord'. Bhí sé cóngarach don líne Eurostar. Bhí ar Eurostar cúig thraein a chur ar ceal agus bhí moill ar thraenacha eile.

Bhí orthu an buama a mhúchadh. Is obair dheacair í sin. Tá gach rud go breá, áfach! Thit an buama thart ar 80 bliain ó shin nuair a bhí an dara cogadh domhanda ar siúl sna blianta idir 1939 agus 1945.

Is traein é an Eurostar a théann ó Londain go Páras. Ní thógann an turas seo ach 2 uair go leith. Tá an traein seo an-tapa. Téann sé ar luas 300 ciliméadar san uair!



Seo pictiúr den Eurostar. Tá an Túr Eiffel sa phictiúr seo freisin!